C/2025/5295

30.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12171 — L-GAM / HAYFIN / VINVENTIONS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5295)

1. An 22 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— L-GAM II SCSp, (‘**L-GAM**’,Lucsamburg),

— Hayfin Capital Management LLP (‘**Hayfin**’, an Ríocht Aontaithe),

Gheobhaidh L-GAM agus Hayfin rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Vinventions Holding S.à r.l., (‘**Viventions**’, Lucsamburg, atá faoi rialú L-GAM faoi láthair).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh Eorpach é L-GAM,

— Is gnólacht bainistithe sócmhainní malartach é Hayfin Capital Management LLP a oibríonn san Eoraip, san Áise agus sna Stáit Aontaithe.

3. Is soláthróir dúntóirí sintéiseacha agus alúmanaim le haghaidh buidéil fíona é Vinventions a oibríonn ar fud dlínsí éagsúla, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, na Stáit Aontaithe, an Airgintín, Meicsiceo, an Afraic Theas agus an tSín.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12171 — L-GAM / HAYFIN / VINVENTIONS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an ‘Rialachán um Chumaisc’).
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË